Páipéar an Chomh-Thascfhórsa

Cúnamh i gComhar Idirnáisiúnta i gCúrsaí Coireachta le haghaidh Cleachtóirí

An Gréasán Breithiúnach Eorpach agus Eurojust

Cad is féidir linn a dhéanamh duit?

6 Bealtaine 2014

Réamhrá

Is mar thoradh ar iarracht chomhchoiteann Comh-Thascfhórsa EJN-Eurojust an páipéar seo. Tá sé mar aidhm leis cúnamh a thabhairt do chleachtóirí cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar cheart don EJN nó do Eurojust cásanna a láimhseáil. Cinntítear freisin leis an bpáipéar go láimhseálfaidh EJN agus Eurojust cásanna atá faoina sainordú trí am agus acmhainní a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach agus dúbailt oibre a sheachaint.

Tugtar treoir leis an bpáipéar do chleachtóirí sna Ballstáit maidir leis na seirbhísí agus an cúnamh i gcomhar idirnáisiúnta i gcúrsaí coireachta is féidir leis an EJN agus Eurojust a sholáthar. Cumhdaítear ann freisin úsáid Chóras Comhordaithe Náisiúnta Eurojust (ENCS).

Níl sé i gceist go dtiocfaidh sé in ionad aon fhorálacha nó treoirlínte intíre maidir le hathchóiriú cásanna idir an EJN agus Eurojust.

I Cad é an Gréasán Breithiúnach Eorpach?

Is gréasán de Phointí Teagmhála náisiúnta é an EJN chun comhar breithiúnach i gcúrsaí coireachta a éascú.

Is ionchúisitheoirí oibre, breithimh imscrúdaithe nó daoine eile iad na Pointí Teagmhála Náisiúnta, a dhéileálann beagnach go heisiach le nithe a bhaineann le comhar idirnáisiúnta. Déanann gach Ballstát na Pointí Teagmhála Náisiúnta a ainmniú ó údaráis lárnacha nó ó údaráis eile a bhíonn i mbun comhair bhreithiúnaigh idirnáisiúnta, i gcineálacha ginearálta coireachta agus le haghaidh cineálacha áirithe coireachta tromchúisí, cosúil le coireacht eagraithe, éilliú, gáinneáil drugaí agus sceimhlitheoireacht. Cuimsítear san EJN breis is 300 Pointe Teagmhála náisiúnta ar fud an 28 mBallstát. I measc na bPointí Teagmhála, ainmníonn gach Ballstát Comhfhreagraí Náisiúnta EJN. Ceapann gach Ballstát Comhfhreagraí Uirlise chun plé le cúrsaí a bhaineann le huirlisí leictreonacha EJN.

Is é Rúnaíocht EJN, atá lonnaithe sa Háig, comhlacht riaracháin EJN. D'fhonn idirghníomhú dlúth a áirithiú idir Eurojust agus EJN, is cuid de fhoireann Eurojust í an Rúnaíocht, ach feidhmíonn sí mar aonad ar leithligh freisin. Tá Rúnaíocht EJN freagrach, inter alia, as tacaíocht a thabhairt do na Pointí Teagmhála náisiúnta i gcomhlíonadh a gcuid tascanna, chun suíomh Gréasáin EJN a bhunú, a chothabháil agus a fheabhsú agus a ríomh-uirlisí oibriúcháin agus as riar foriomlán EJN.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Rúnaíocht EJN le fáil ag http://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn/EJN_Secretariat.aspx, nó trí dhul i dteagmháil le Rúnaíocht EJN ag ejn@eurojust.europa.eu.

Cad is féidir le EJN a dhéanamh duitse?

Má theastaíonn cúnamh uait ó EJN, ba cheart duit dul i dteagmháil leis na Pointí Teagmhála i do thír nó le Pointe Teagmhála sa tír atá ag plé leis an gcás. Is féidir faisnéis níos mionsonraithe maidir leis na Pointí Teagmhála a fháil i limistéar srianta de shuíomh Gréasáin EJN - http://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn/. Is féidir rochtain a fháil trí d'údaráis náisiúnta.

Ba cheart EJN a úsáid sna cásanna seo a leanas:

- **Chun údaráis inniúla thar lear a aithint d'fhonn cumarsáid dhíreach a chumasú**

Ar shuíomh Gréasáin EJN, www.ejn-crimjust.europa.eu, is féidir leat Atlas leictreonach a aimsiú le haghaidh iarratais ar chúnamh frithpháirteach dlí (MLA) agus Atlas de Bharántas Gabhála Eorpach (EAW). Cuideoidh gach ceann de na hAtlais sin leat seoltaí agus uimhreacha teileafóin/facs na n-údarás inniúil thar lear a fháil. Tá príomh-rannáin na nAtlas aistrithe go gach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. I gcás nach mbíonn tú in ann an fhaisnéis theagmhála a theastaíonn uait a aimsiú san Atlas, is féidir leat ceist a chur ar Phointe Teagmhála EJN i do Bhallstát chun é a sholáthar láithreach. Tá liosta de Phointí Teagmhála EJN cosanta ag pasfhocal ar chúiseanna slándála – ach is féidir é a rochtain trí Phointí Teagmhála do Bhallstáit féin. Dá bhrí sin, i gás ina dteastaíonn cúnamh uait le teagmhálacha a dhéanamh le EJN i mBallstát eile, is é an bealach is fearr lena dhéanamh ná dul i dteagmháil le ceann de do Phointí Teagmhála náisiúnta EJN.

- **Chun comhar breithiúnach a éascú**

Má theastaíonn faisnéis uait maidir leis na coinníollacha a bhaineann le cúnamh a fháil ó Bhallstát eile i gcás ar leith, is féidir leat dul i dteagmháil leis na Pointí Teagmhála i do Bhallstát nó na rannáin ábhartha de shuíomh Gréasáin EJN a úsáid:

- **ar eisiúint Litir Rogáide (LoR), d'fhonn faisnéis níos mionsonraithe a fháil maidir leis na ceanglais dlí arna leagan síos i ndlí an Bhallstáit iarrtha nó chun plé a dhéanamh ar fhoirmiúlachtaí speisialta i bhfeidhmiú Airteagal 4 de Choinbhinsiún MLA AE 2000. Tairgtear deis i gCoimre shuíomh Gréasáin EJN Litir Rogáide a chruthú go leictreonach;**

- **i gcéim fhorghníomhaithe LoR, faisnéis fhorlíontach a fháil nó cead a thabhairt forghníomhú ceart a dhéanamh ar an iarratas;**

- **i gcás ina dtarlaíonn moill nó nach ndéantar forghníomhú ar LoR, staid an fhorghníomhaithe a sheiceáil sa Bhallstát iarrtha agus/nó dlús a chur faoi fhorghníomhú trí idirghabháil Pointe Teagmhála náisiúnta; nó**

- **ar eisiúint EAW, is féidir leat an fhoirm a chuirtear ar fáil faoi rannán EAW de shuíomh Gréasáin EJN a úsáid, áit a bhfaighidh tú faisnéis freisin maidir le staid chur chun feidhme EAW, faisnéis phraiticiúil maidir leis na foirmeacha, na dearbhuithe agus fógraí ó Bhallstáit difriúla;**

ü nuair a theastaíonn faisnéis uait ar bhonn práinne maidir le cásanna EAW nó MLA a bhfuil spriocdháta an-ghairid acu;

ü nuair a theastaíonn faisnéis maidir le staid chur chun feidhme ionstraimí dlí an AE i gcomhar breithiúnach i gcúrsaí coireachta, nó maidir le doiciméid phraiticiúla ábhartha (.i.fógraí, lámhleabhair, tuarascálacha measúnaithe), trí leabharlann EJN ag:

http://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn/libcategories.aspx

- Malartú faisnéise a éascú idir údaráis bhreithiúnacha

Mar ionchúisitheoirí oibre agus giúistísí imscrúdaithe, is minic a bhíonn Pointí Teagmhála EJN in ann faisnéis a roinnt maidir le himscrúduithe nó le himeachtaí leanúnacha agus a gcuid torthaí, maidir le daoine faoi choimeád, tréimhsí coinneála agus cinntí breithiúnacha i gcásanna sonracha go tapa agus go neamhfhoirmiúil. Seachnaítear leis an gcineál seo malartú faisnéise an gá a bhíonn le Litir Rogáide foirmiúil a sheoladh uaireanta. Má theastaíonn faisnéis den sórt sin uait le linn d'imscrúdaithe nó do chuid imeachtaí féin, go háirithe i gcásanna práinneacha, agus go gceadaíonn do reachtaíocht fiosrúchán den sórt sin, téigh i dteagmháil le Pointe Teagmhála EJN, tabhair le fios cén fáth a dteastaíonn an fhaisnéis sin uait, agus tabhair cuntas gairid ar d'imscrúdú nó ar do chuid imeachtaí féin.

- Faisnéis a fháil maidir le bearta imscrúdaithe

Soláthraíonn suíomh Gréasáin EJN, ina Fiches Belges, forbhreathnú ar reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir le bearta imscrúdaithe sa réimse MLA. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, is féidir leat do chuid ceisteanna a chur ar aghaidh chuig Pointí Teagmhála náisiúnta EJN.

II Cad é Eurojust?

Is comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh é Eurojust a bunaíodh in 2002 chun comhordú agus comhar a spreagadh agus a fheabhsú idir údaráis inniúla na mBallstát nuair a dhéileálann siad le coireacht thromchúiseach trasteorann, cosúil le coireacht eagraithe, éilliú, gáinneáil drugaí agus sceimhlitheoireacht.

Tá Eurojust bunaithe sa Háig. Comhlíonann sé a phríomhchúram trí MLA a éascú agus forghníomhú ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh, amhail EAW.

Baineann gníomhaíochtaí Eurojust den chuid is mó le comhar idir údaráis inniúla náisiúnta Ballstát. Mar sin féin, is féidir le Eurojust comhoibriú a dhéanamh freisin le tríú Stáit.

Cad is féidir le Eurojust a dhéanamh duitse?

Má theastaíonn cúnamh uait ó Eurojust, ba cheart duit dul i dteagmháil le do Dheasc Náisiúnta ag Eurojust. Féach suíomh Gréasáin Eurojust chun tuilleadh faisnéise a fháil:

http://eurojust.europa.eu/Pages/home.aspx

Tairgeann Eurojust réimse leathan de chúnamh praiticiúil:

- **Chun comhar breithiúnach a éascú**

Tugann Eurojust tacaíocht d'údaráis inniúla trí na Comhaltaí Náisiúnta, a gcuid ionadaithe agus cúntóirí, a bhfuil sé ar a gcumas ar fad teagmháil a éascú idir údaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh i gcúrsaí casta, i gcásanna práinneacha nó i gcásanna nach cosúil go bhfuil bealaí comhair eile iomchuí nó nach dóigh go gcruthófar torthaí leo laistigh den fráma ama riachtanach.

Tá Eurojust in ann cabhrú chun faisnéis a fháil maidir le stádas iarratais le haghaidh MLA nó le forghníomhú ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh (MRIanna) nuair nach n-éiríonn le modhanna eile cumarsáide (.i. teagmháil dhíreach idir údaráis náisiúnta nó modhanna eile cumarsáide).

Féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt freisin i gcásanna nuair atá iarratais MLA agus MRIanna le forghníomhú ar bhonn práinne. Mar gheall ar an bpríomh-chúram atá ar Eurojust comhar breithiúnach a éascú, tá modhanna eile ann chun faisnéis póilíneachta a mhalartú chun críche faisnéise.

Faigheann Eurojust faisnéis maidir le roinnt imscrúduithe agus ionchúiseamh atá ag dul ar aghaidh sna Ballstáit. I gcás ina bhfaigheann Eurojust faisnéis den sórt sin, beidh sé in ann faisnéis a thabhairt d'údaráis náisiúnta maidir le cásanna ábhartha atá ar feitheamh i mBallstáit eile.

Is féidir le Eurojust tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí trí imscrúdú a dhéanamh ar na dréacht-iarratais MLA ('seiceáil cáilíochta').

- **Cabhrú chun coinbhleachtaí dlínse a chosc nó a réiteach**

I gcásanna ina bhfuil dlínse ag níos mó ná Ballstát amháin, is féidir dul i gcomhairle le Eurojust, d'fhonn coinbhleachtaí dlínse a chosc nó a réiteach, chun tuairim neamhcheangailteach a fháil maidir le cén Ballstát is fearr atá in ann tabhairt faoi imscrúdú nó an cás a ionchúiseamh.

- **Imscrúduithe nó ionchúisimh a chomhordú**

Mar gheall ar struchtúr agus ar leibhéal taithí i gcomhar breithiúnach, tá Eurojust in ann cúnamh a thabhairt i gcásanna inar gá imscrúduithe leanúnacha in dhá Bhallstát nó níos mó a chomhordú trí fhaisnéis cáis iomchuí a mhalartú. Cabhraíonn Eurojust freisin chun cinneadh a dhéanamh faoinar cheart do Bhallstáit leanúint le himscrúduithe ar leithligh nó ar cheart dóibh imscrúduithe agus imeachtaí a dhíriú i mBallstát amháin nó níos mó.

Ina theannta sin, cuidíonn Eurojust i gcainteanna agus i gcomhaontuithe idir Ballstáit lena mbaineann maidir le conas, cathain nó cén áit is cóir comhghníomh nó ionchúiseamh a dhéanamh.

- Cruinnithe comhordaithe agus lárionaid chomhordaithe a eagrú agus tacú leo

Is féidir le Eurojust cruinnithe comhordaithe a shocrú sa Háig nó in áit éigin eile idir imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithimh imscrúdaithe ó Bhallstáit difriúla. Áirítear uaireanta le cruinnithe comhordaithe ionadaithe as údaráis bhreithiúnaigh nó forghníomhaithe dlí tríú Stáit, Europol agus OLAF.

Is uirlisí an-áisiúil iad cruinnithe comhordaithe a thugann deis do chleachtóirí faisnéis a mhalartú ina dteanga féin maidir le himscrúduithe nasctha agus comhghníomhartha a phleanáil. Go minic is féidir saincheisteanna a d'fhéadfadh roinnt ama agus acmhainní suntasacha a thógáil le socrú faoi scéimeanna comhoibrithe traidisiúnta a réiteach go tapa le linn cruinnithe den sórt sin.

Faoi láthair cumhdaíonn Eurojust costais chóiríochta sa Háig agus costais taistil beirt rannpháirtithe as gach Ballstát Is féidir le Eurojust lárionaid chomhordaithe a eagrú freisin, a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le comhghníomhartha agus iad a chomhordú (a aontaítear go minic le linn cruinnithe comhordaithe) agus ar gá iad a chomhlíonadh i gcomhthráth i mBallstáit difriúla. Cinntíonn lárionad chomhordaithe tarchur fíor-ama agus comhordú ar fhaisnéis
idir údaráis inniúla le linn lá gnímh, i gcás mar shampla nuair is gá
cuardaigh tí chomhuaineacha a dhéanamh i dtíortha difriúla. Tugann lárionaid chomhordaithe deis freisin saincheisteanna atá in ann teacht chun cinn le linn fhorghníomhú EAWanna a réiteach nó cuardach agus gabháil trí Litreacha Rogáide nó barántais a leasú.

- Comhfhoirne imscrúdaithe a éascú agus tacú leo

Is féidir le Eurojust bunú, feidhmiú agus measúnú na gcomhfhoirne
imscrúdaithe (JITanna) a éascú. Is féidir le Eurojust cásanna oiriúnacha a aithint maidir le JITanna a bhunú, is féidir leis faisnéis dlí áisiúil agus phraiticiúil a sholáthar, m.sh. maidir le dlíthe náisiúnta, srianta praiticiúla agus dea-chleachtas, agus is féidir leis cúnamh a thabhairt maidir le comhaontuithe JIT a dhréachtú agus pleananna gníomhaíochta oibriúcháin. Nuair a mheastar go bhfuil sé ina chuidiú, is féidir le Comhaltaí Náisiúnta Eurojust a bheith rannpháirteach freisin in JITanna.

Is féidir le Eurojust tacaíocht airgeadais a thabhairt freisin chun roinnt de na costais a eascraíonn ó JITanna a chumhdach agus/nó trealamh, cosúil le fóin soghluaiste. Féach an suíomh Gréasáin seo a leanas le haghaidh tuilleadh
faisnéise:

http://eurojust.europa.eu/Practitioners/Eurojust-Support-JITs/JITs/Pages/history.aspx

- Iarratais ar chomhar breithiúnach a chomhordú agus a éascú chuig tríú Stáit

agus ar ais astu

Más gá duit dul i dteagmháil le húdarás náisiúnta i dtríú Stáit, is féidir dul i dteagmháil le do Dheasc Náisiúnta ag Eurojust. Tá Pointí Teagmhála ag Eurojust i dtimpeall tríocha a trí Stát (lena n-áirítear An Airgintín, an Bhrasaíl, an India, an Téalainn, Cónaidhm na Rúise, agus an Úcráin).

Tá comhaontuithe comhair freisin ag Eurojust leis an Iorua, SAM, an Íoslainn, an Eilvéis, i bPoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus Lichtinstéin. D'fhéadfaí a áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin freisin malartú sonraí pearsanta. Ina theannta sin, fostaítear ionchúisitheoirí teagmhála as an Iorua agus SAM ag Eurojust.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh Gréasáin Eurojust ag:

http://www.eurojust.europa.eu/doclibrary/Eurojust-framework/Pages/agreements-concluded-by-eurojust.aspx

III Cén ról atá ag an ENCS?

Tá an ENCS á chur i bhfeidhm faoi láthair sna Ballstáit. Tá dhá phríomhfheidhm ag an ENCS: 1) a áirithiú go mbeidh comhordú ar an obair a dhéanann na comhfhreagraithe/pointí teagmhála/saineolaithe éagsúla atá ag plé leis an troid I gcoinne na coireachta, lena n-áirítear Comhfhreagraí Náisiúnta EJN agus suas le trí Phointe Teagmhála EJN; agus 2) éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tascanna Eurojust sna Ballstáit. Nuair a ainmnítear roinnt comhfhreagraithe le haghaidh Eurojust, beidh duine acu freagrach as feidhmiú an ENCS.

Tá sé de chúram ar an ENCS, inter alia, 1) a áirithiú go bhfaigheann Córas Bainistíochta Cáis Eurojust faisnéis a bhaineann leis an mBallstát lena mbaineann ar bhealach éifeachtúil agus iontaofa, 2) cuidiú le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta agus le cleachtóirí cinneadh a dhéanamh cibé an dteastaíonn cúnamh Eurojust nó EJN i gcás, agus 3) cuidiú le Comhaltaí Náisiúnta Eurojust na húdaráis ábhartha a aithint chun iarratais ar chomhar breithiúnach agus MRIanna a fhorghníomhú.

IV EUROJUST nó EJN – cé acu is fearr?

Tá Eurojust agus EJN araon ar fáil duit. Is cuma mura bhfuil tú cinnte cén ceann is fearr duit dul i dteagmháil leis, toisc gur furasta do Dheisce Náisiúnta EUROJUST agus Pointí Teagmhála EJN dul i dteagmháil le chéile. Mar fhocal scoir cinntíonn an creat institiúideach go dtabharfar d'iarratas ar thacaíocht ar láimh don ghníomhaí is oiriúnaí. Ní gá dá réir sin an fhadhb chéanna a chur os comhair an dá aonán.